# 4 Smacht ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh

**4.1** Thabhaigh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta (an Roinn) caiteachas de thart ar €20 billiún gach bliain sa tréimhse 2013 go 2019. Maoiníonn an Státchiste íocaíochtaí leasa i gcás íocaíochtaí cúnaimh agus an Ciste Árachais Shóisialaigh le haghaidh íocaíochtaí sochair (féach ar Fhíor 4.1).

**Fíor 4.1 Íocaíochtaí 2013 go 2019**




Foinse: Cuntais leithreasa na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta agus ráitis airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh

Nótaí:
- a Eisíodh fóirdheontais don Chiste Árachais Shóisialaigh agus speansais riaracháin a d'íoc an Roinn agus a forchúitíodh ón gCiste Árachais Shóisialaigh.
- b Eisíodh íocaíochtaí leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna toisc gur méideanna iad seo a bhailítear thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

**4.2** B'ionann an caiteachas de €20.8 billiún in 2019 agus 24% de chaiteachas an rialtais ghinearálta agus bhí sé comhionann le 6% den OTI (10% de OIN *).

**4.3** Cé gur fhan an caiteachas iomlán réasúnta seasmhach, tháinig laghdú ar íocaíochtaí cúnaimh shóisialta mar chéatadán den chaiteachas iomlán, ag titim ó 57.4% in 2013 go 51.7% in 2019. Is ionann é seo agus laghdú coibhneasta ar íocaíochtaí de chineál cúnaimh, go háirithe tacaíochtaí ioncaim do dhaoine in aois fostaíochta, ag léiriú feabhsuithe ar tháscairí maicreacnamaíocha, agus méadú coibhneasta ar shochair árachais shóisialta a bhaineann le haois ar nós an phinsin ranníocach Stáit atá méadaithe ó bheagán faoi bhun €4 billiún in 2013 go dtí os cionn €5.6 billiún in 2019.

**4.4** Feidhmíonn an Roinn timpeall 80 scéim agus clár, cuid acu a sheachadtar go díreach agus cuid acu i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí tríú páirtí, ranna rialtais eile agus gníomhaireachtaí Stáit. In 2019, bhí os cionn 1.3 milliún duine ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh seachtainiúil agus fuair os cionn 630,000 duine íocaíochtaí sochair leanaí míosúla.

**4.5** Ceanglaítear ar an Roinn a chinntiú go bhfuil an caiteachas a thabhaíonn sí curtha i bhfeidhm chun na gcríoch ar chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil di, agus go gcomhlíonann a hidirbhearta airgeadais leo siúd de na húdaráis faoina n-airbheartaíonn siad a bheith curtha i gcrích. Meastar go bhfuil idirbhearta airgeadais 'rialta' nuair a chomhlíontar an dá choinníoll seo.

**4.6** Tá aon íocaíochtaí, de bhreis ar theidlíochtaí faoi théarmaí scéimeanna leasa, neamhrialta dá réir sin. Féadfaidh íocaíochtaí barrachais den sórt sin teacht chun cinn ar roinnt bealaí, lena n-áirítear

- ***Calaois amhrasta*** - má bhíonn amhras ann go soláthraíonn éilitheoir ar íocaíochtaí leasa faisnéis neamhiomlán nó míchruinn d'aon ghnó maidir le héileamh, nó má mhainníonn sé d'aon ghnó an Roinn a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha ar chúinsí (mar shampla méadú ar acmhainn nó athrú ar riocht míochaine) a dhéanann difear d'éileamh ar íocaíocht.
- ***Earráid éilitheora*** - a thagann chun cinn nuair a sholáthraíonn an t-éilitheoir faisnéis mhíchruinn nó neamhiomlán, nó má mhainnigh sé athrú ábhartha a thuairisciú in imthosca, ach níl aon rún calaoiseach ar thaobh an éilitheora.
- ***Earráid oifigiúil*** - nuair a íoctar sochair go mícheart mar gheall ar easpa gnímh, moille nó botúin a rinne foireann na Roinne.[1,2]

**4.7** Mar gheall ar leibhéal an chaiteachais a thabhaítear, d'fhéadfadh caillteanas mór airgeadaíochta a bheith ann don Státchiste nó don Chiste Árachais Shóisialaigh a bheith mar thoradh ar mhinicíocht bheag earráide agus calaoise amhrasta.

**4.8** Agus iarracht á déanamh an caillteanas trí earráid agus calaois amhrasta a íoslaghdú, caithfear cothromaíocht a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, an próiseas éilimh a dhéanamh chomh simplí agus is féidir don iarratasóir agus cúnamh tráthúil a thabhairt d'éilitheoirí, agus ar an taobh eile, leibhéal na faisnéise a bhailítear agus déine na seiceála ar éilimh. Is ceist thábhachtach don Roinn an t-athbhreithniú ar chásanna atá ann cheana chun earráid agus calaois amhrasta a bhrath agus a dhíspreagadh.

1 I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé tarlú go bhfaigheann éilitheoirí méid níos lú ná mar atá siad i dteideal (ganníocaíocht) mar thoradh ar earráid éilitheora agus earráid oifigiúil.

2 Nuair a rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar éileamh níos mó ná cúig bliana roimhe sin (nó trí bliana roimhe sin le haghaidh scéimeanna do dhaoine in aois oibre), déantar barraíocht íocaíochta a chatagóiriú mar earráid oifigiúil.

## Cuspóirí an scrúdaithe

**4.9** Sa scrúdú seo

- tugtar forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí na Roinne atá dírithe ar chalaois agus earráid a bhrath agus a chosc
- déantar éifeachtúlacht na Roinne maidir leis seo a mheas trí thagairt a dhéanamh do na torthaí a d'eascair óna gníomhaíochtaí monatóireachta agus rialaithe.

## Straitéis um chomhlíonadh agus frith-chalaois

**4.10** I mí Mheán Fómhair 2019, d'fhoilsigh an Roinn straitéis a chlúdódh an tréimhse 2019 go 2023. Is iad cuspóirí na straitéise ná

- calaois agus earráid a chosc sa chóras leasa shóisialaigh
- neamhchomhlíonadh an chórais leasa shóisialaigh a dhíspreagadh
- cásanna de chalaois agus earráid amhrasta a bhrath chomh tapa agus is féidir
- socruithe rialachais agus maoirseachta iomchuí a bheith acu maidir le gníomhaíocht rialaithe.

Tá príomhghnéithe na straitéise leagtha amach in Iarscríbhinn 4A.

**4.11** Baineann an Roinn úsáid as raon modhanna chun a éifeachtúlacht a mheas maidir le hearráidí agus calaois amhrasta a chosc, a bhrath agus a dhíspreagadh. Ina measc seo tá suirbhéanna rialaithe ar shampla randamach éilitheoirí chun leibhéal na hearráide agus na calaoise amhrasta ar scéim a mheas, agus monatóireacht a dhéanamh ar thoradh athbhreithnithe rialaithe a úsáideann cur chuige riosca-bhunaithe chun éilimh a athbhreithniú.

**4.12** Príomhghné de bhainistíocht éifeachtach riosca is ea rialuithe feabhsaithe a shainaithint agus a chur i bhfeidhm de bhun anailíse ar fhaisnéis maidir leis an gcaoi a bhfuil an córas ag feidhmiú faoi láthair. I bhFíor 4.2, tugtar achoimre ar chur chuige na Roinne i leith bainistíocht riosca.

**Fíor 4.2 Príomhghnéithe de phróiseas rialaithe na Roinne**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Suirbhéanna rialaithe

**4.13** Tá clár ag an Roinn chun suirbhéanna rialaithe a dhéanamh ar scéimeanna leasa shóisialaigh. Is éard atá i gceist leis na suirbhéanna athbhreithnithe ar shamplaí randamacha d'éilimh atá á n-íoc chun a fháil amach an bhfuil na faighteoirí i dteideal na n-íocaíochtaí atá á bhfáil acu faoi láthair agus má tá, an bhfuil na méideanna cearta á n-íoc. Cuidíonn na suirbhéanna leis an Roinn rioscaí a bhaineann go sonrach le scéim a shainaithint chomh maith le hathruithe riachtanacha ar na bearta rialaithe scéime atá i bhfeidhm.

**Modheolaíocht an tsuirbhé rialaithe**

De ghnáth déanann suirbhéanna rialaithe athbhreithniú ar idir 500 agus 1,000 éileamh a roghnaítear go randamach do gach scéim agus tá sé mar aidhm acu meastachán a sholáthar - suas go leibhéal muiníne de 95% - ar leibhéal na híocaíochta mícheart. Sna suirbhéanna, breithnítear ar

- an ollíocaíocht bharrachais arb é luach iomlán na ró-íocaíochta a sainaithníodh
- an ghlaníocaíocht bharrachais - lena gcoigeartaítear d'aistrithe chuig scéimeanna eile nuair a aimsíodh gur íocadh éilitheoir (agus/nó duine cleithiúnach) de bhreis ar a dteidlíochtaí ar an scéim a ndearnadh athbhreithniú uirthi, ach a bhí i dteideal íocaíocht leasa shochair dhifriúil.

Dar leis an Roinn is é an ghlaníocaíocht bharrachais a sainaithníodh an tomhas is cruinne maidir le leibhéal na híocaíochta barrachais ar scéimeanna.

**4.14** Ó 2014, bhí sé beartaithe ag an Roinn dhá nó trí shuirbhé rialaithe a dhéanamh gach bliain. Féadfaidh an t-am a thógfaidh sé torthaí na suirbhéanna rialuithe a chomhlánú agus a fhoilsiú a bheith idir bliain amháin agus trí bliana. Ina theannta sin, cuireadh moill ar thosach feidhme nó ar fhoilsiú cuid de na suirbhéanna pleanáilte. In Iarscríbhinn 4B, soláthraítear faisnéis faoi chur chuige na Roinne i leith suirbhéanna rialaithe chomh maith le gníomhaíocht ina leith sin in 2020.

**4.15** Faoi straitéis chomhlíonta agus frith-chalaoise na Roinne don tréimhse 2019 go 2023, chuir an Roinn tús le próiseas samplála leanúnach do scéimeanna áirithe níos mó - liúntas cuardaitheora poist agus liúntas míchumais. Tá sé luaite ag an Roinn go bhféadfadh an cur chuige samplála leanúnach fachtóirí riosca séasúracha a shainaithint nach féidir a ghabháil le suirbhéanna a bhaineann le pointe ama ar leith.

**4.16** I bhFíor 4.3, taispeántar an caiteachas in 2019 ar scéimeanna an Vóta agus an Chiste Árachais Shóisialaigh a ndearnadh suirbhéanna rialaithe ina leith (uair amháin ar a laghad) ó 2012 agus leibhéal na híocaíochta neamhrialta sainaitheanta. [1]

### *Impleachtaí suirbhéanna rialaithe ar iniúchtaí*

**4.17** Tá éagsúlacht mhór i leibhéal na n-íocaíochtaí barrachais a aimsíonn suirbhéanna ar scéimeanna arna maoiniú ag Vóta a rinneadh idir 2012 agus 2019 (féach ar Fhíor 4.3). Seachas sochar linbh, arb íocaíocht uilíoch í (i.e níl sí de réir tástála acmhainne), bíonn rátaí measta glaníocaíochtaí barrachais idir 0.6% de chaiteachas na scéime (íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht) agus 12.7% de chaiteachas na scéime (cúnamh feirme).

**4.18** Tá éagsúlacht ann freisin i leibhéal na híocaíochta barrachais sna scéimeanna maoinithe árachais shóisialta a ndearnadh suirbhé orthu. Bíonn rátaí measta glaníocaíochtaí barrachais do scéimeanna arna maoiniú ag árachas sóisialta idir 0.7% (pinsean ranníocach baintrí/baintrí fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh) go 6% (sochar breoiteachta).

1 San iomlán, bhí na scéimeanna a áirítear i bhFíor 4.3 freagrach in 2019 as 80% (€8.6 billiún) den chaiteachas vótáilte, agus 88% (€8.8 billiún) de chaiteachas an Chiste Árachais Shóisialaigh.

**4.19** Tá leibhéal na n-íocaíochtaí neamhrialta a fhaigheann suirbhéanna rialaithe na Roinne ábhartha. Dá réir sin, thagair mé i mo thuarascálacha iniúchta ar chuntas leithreasa 2019 do Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Cosaint Shóisialta agus ráitis airgeadais 2019 an Chiste Árachais Shóisialaigh do leibhéal ábhartha neamhrialtachta na n-íocaíochtaí scéime.

**Fíor 4.3 Leibhéal measta na n-íocaíochtaí neamhrialta i scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu**

| Scéim[a] | Costas na scéime in 2019, €m | Leibhéal na glaníocaíochta barrachais sainaitheanta [b] | Bliain fhoilsithe |
|---|---|---|---|
| Sochar linbh | 2,102 | 0.5% | 2013 |
| Liúntas cuardaitheora poist | 1,628 | 3.5% | 2014 |
| Liúntas míchumais | 1,706 | 4.6% | 2012 |
| Pinsean stáit (neamhranníocach) | 1,043 | 6.5% | 2019 |
| Liúntas cúramóra | 862 | 9.1% | 2018 |
| Íocaíocht teaghlaigh | 533 | 2.7% | 2012 |
| Íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht[c] | 397 | 0.6% | 2016 |
| Forlíonadh cíosa | 125 | 6.0% | 2014 |
| Liúntas leasa forlíontach (*BASI*) | 120 | 2.6% | 2017 |
| Liúntas fiontar ar ais ag obair | 60 | 3.3% | 2019 |
| Cúnamh feirme | 69 | 12.7% | 2016 |
| Pinsean stáit (ranníocach) | 5,603 | 2.1% | 2017 |
| Pinsean ranníocach baintreach/baintreach fir/pairtí shibhialta mharthanaigh [d] | 1,559 | 0.7% | 2014 |
| Pinsean easláine | 728 | 1.5% | 2015 |
| Sochar breoiteachta | 606 | 6.0% | 2015 |
| Sochar cuardaitheora poist | 346 | 1.6% | 2012 |

Scéimeanna maoinithe ag vóta

Scéimeanna maoinithe árachais shóisialta

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosaint Shóisialaigh. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Ní chuirtear an suirbhé ar shochair teaghlaigh in 2016 san áireamh toisc nár bhain an suirbhé ach le tairbhithe nach bhfuair íocaíocht leasa eile agus toisc nár léirigh sé ach 7% díobh siúd a bhí ag fáil an phacáiste sochar. Ó 2016, rinneadh scrúdú ar scéimeanna a dhéanann ionadaíocht ar 62% eile d'fhaighteoirí sochar teaghlaigh mar chuid de shuirbhéanna rialaithe ar phinsean Stáit (ranníocach), pinsean Stáit (neamh-ranníocach) agus liúntas cúramóra - measann an Roinn gurb é an ráta earráide i leith teidlíochta don phacáiste sochar do na scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu ná 1.3% de réir luacha.

b Is ionann glaníocaíocht bharrachais agus luach na n-íocaíochtaí barrachais a shainaithnítear lúide aistrithe chuig scéimeanna eile.

c Ar a dtugtaí an forlíonadh ioncaim teaghlaigh roimhe seo.

d Luadh an figiúr seo go mícheart mar 7.4% sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2018, in ionad an fhigiúir chirt de 0.7% mar a thaispeántar thuas.

### *Suirbhé rialaithe ar an liúntas fiontar um fhilleadh ar an obair (2019)*

**4.20** In 2019, d'fhoilsigh an Roinn torthaí suirbhé rialaithe ar an scéim liúntais fiontar um fhilleadh ar an obair lena mbaineann caiteachas de €60 milliún in 2019.

**Tuarascáil suirbhé ar rialú na scéime liúntais fiontar um fhilleadh ar an obair (Lúnasa 2019)**

Faoin scéim liúntais fiontar um fhilleadh ar an obair, coimeádann daoine aonair a fhaigheann íocaíocht cháilitheach a chuireann tús le fiontar nua mar dhuine féinfhostaithe íocaíochtaí sochair iomlána don chéad bhliain agus 75% don bhliain dar gcionn. Cuireadh córais rialaithe éagsúla i bhfeidhm ar ghrúpaí éagsúla éilitheoirí. Maidir le héilimh a tosaíodh ó Iúil 2017, ba é beartas na Roinne athbhreithniú cáis a dhéanamh tar éis trí mhí agus arís tar éis naoi mí. Níor cuireadh na hathbhreithnithe ag trí agus naoi mí i bhfeidhm ar chásanna a bhí á n-íoc cheana féin i mí Iúil 2017.

Scrúdaíodh 401 éileamh sa suirbhé: Éilimh roimh Iúil 2017 ab ea 207 éileamh agus b'ionann cásanna iar-Iúil 2017 agus 194.

Ar an iomlán, fuair an suirbhé 12 éileamh (3%) le híocaíochtaí barrachais, arb ionann iad agus 3.3% de chaiteachas na scéime don sampla. Áiríodh leis seo 1.6% den chaiteachas nuair a fuair an t-athbhreithniú amach nach raibh baint ag na héilitheoirí le féinfhostaíocht inmharthana, 1.3% nuair nár éirigh leis na héilitheoirí an fhaisnéis riachtanach a sholáthar (calaois amhrasta) agus 0.5% i gcás nár chomhlíon na héilitheoirí critéir incháilitheachta na scéime.

Aimsíodh sa suirbhé gur tháinig laghdú suntasach ar leibhéal an neamhchomhlíonta tar éis an athraithe ar an mbeartas athbhreithnithe éileamh - bhí ró-íocaíocht ag aon éileamh déag roimh Iúil 2017; níor bhain ró-íocaíocht ach le héileamh amháin a íocadh tar éis Iúil 2017.

Sa scrúdú seo, rinneadh athbhreithniú ar shampla de 25 éileamh a ndearna an suirbhé rialaithe iniúchadh orthu agus fuarthas cúig chás inar cheart go ndéanfaí na hathbhreithnithe trí agus naoi mí ach nach ndearnadh.

Ba é freagra na Roinne ar thorthaí an tsuirbhé treoir a eisiúint chuig oifigigh cháis agus bainisteoirí rannáin chun athbhreithnithe trí mhí agus naoi mí a dhéanamh ar gach cás.

## Athbhreithnithe rialaithe ar éilimh

**4.21** Scrúdaíonn próiseas athbhreithnithe rialaithe na Roinne éilimh chun a chinntiú go raibh / go bhfuil an t-éilitheoir i dteideal íocaíochta agus go bhfuil/ go raibh leibhéal na híocaíochta ceart. Tá roghnú na n-éileamh atá le hathbhreithniú bunaithe ar riosca nach bhfuil an íocaíocht ceart. Dar leis an Roinn, is í an Roinn a thionscnaíonn athbhreithnithe rialaithe agus bíonn gá le teagmháil leis an gcustaiméir (nó a n-ionadaithe nuair is infheidhme) atá sa bhreis ar theagmháil rialta nó sistéamach, agus athbhreithniú is ea é[1]

- ar éileamh atá nó a bhí á íoc
- ar incháilitheacht leanúnach nó roimhe an éilitheora le coinníollacha agus téarmaí na scéime
- ar chomhlíonadh choinníollacha na scéime don íocaíocht, lena n-áirítear comhpháirteanna íocaíochta do chleithiúnaithe incháilithe aosaigh nó leanaí agus liúntais eile (mar shampla liúntas maireachtála aonair) nuair is ábhartha
- ar chloí le coinníollacha na scéime, amhail infhaighteacht le haghaidh oibre agus incháilitheacht mhíochaine.

### *Próiseas chun an ráta athbhreithnithe a chinneadh*

**4.22** Níl aon mhodheolaíocht staidrimh mar bhonn leis an spriocllíon athbhreithnithe atá le déanamh ag gach scéim. Molann Rannán Rialaithe na Roinne an sprioc bhliantúil do líon na n-athbhreithnithe a dhéanfaidh gach scéim, tar éis dul i gcomhairle le bainistíocht réimse na scéime sin.[2,3] Déanann Bord an Chláir Rialaithe athbhreithniú agus faomhadh ar na spriocanna beartaithe a chuirtear i láthair an Bhoird Bainistíochta lena gceadú ansin. [4]

**4.23** De réir dea-chleachtais, ba cheart go mbeadh tionchar ag raon fachtóirí ar shocrú na sprice bliantúla d'athbhreithnithe rialaithe do gach scéim lena n-áirítear

- leibhéal an chaiteachais agus líon na n-éilitheoirí ar an scéim
- leibhéil mheasta íocaíochta míchirt, amhail mar a chinntear le suirbhéanna/athbhreithnithe rialaithe le déanaí
- rioscaí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn maidir le híocaíocht mhícheart a shainaithint ó eolas a ghnóthaigh an fhoireann agus ó obair an Aonaid Anailísíochta Gnó (*BAU*)
- an cineál athbhreithnithe atá riachtanach - m.sh. cor poist, athbhreithniú deisce, cuairt baile nó measúnú míochaine srl.

### *Critéir chun cásanna aonair a roghnú le haghaidh athbhreithnithe*

**4.24** Is iad réimsí na scéime a roghnaíonn cásanna aonair le hathbhreithniú agus féadfar iad a roghnú mar thoradh ar rioscaí a shainaithníonn limistéar na scéime féin nó cásanna a shainaithníonn an *BAU* mar ardriosca, trí shocruithe meaitseála sonraí, nó mar thoradh ar thuairiscí (gan ainm) don Roinn. [5] I measc fachtóirí riosca a úsáideann réimsí scéime tá

- rioscaí a sainaithníodh ó thorthaí aon suirbhéanna rialaithe roimhe seo agus ó ghníomhaíocht athbhreithnithe rialaithe reatha nó rioscaí a sainaithníodh ar scéimeanna comhchosúla, agus rioscaí a bhaineann leis an gcineál scéime (m.sh. is gnách go mbíonn scéimeanna aoise oibre níos oscailte do chalaois)
- an tréimhse ama ón athbhreithniú deireanach, de réir mar a mhéadaíonn riosca leis an am idir athbhreithnithe

1 I gcás ina dtionscnaíonn éilitheoir athbhreithniú ar theidlíocht, ní mheasann an Roinn gurb athbhreithniú rialaithe é.

2 Mar shampla, mhol an Rannán Rialaithe sprioc de 8,000 athbhreithniú neamh-mhíochaine agus 3,000 athbhreithniú míochaine don scéim liúntais míchumais. D'aithin an tAonad Anailíse Gnó (*BAU*) 2,500 de na 11,000 éileamh a bhí le hathbhreithniú.

3 Socraíonn an Roinn sprioc do choigilteas. Ríomhtar coigilteas ar an toimhde go leanfadh ró-íocaíochtaí braite ar aghaidh mura mbraifí iad ar feadh tréimhse idir 4 agus 136 seachtaine (braitheann an tréimhse a úsáidtear ar an scéim agus cibé ar laghdaíodh nó ar cuireadh deireadh leis an íocaíocht). B'ionann na coigiltis a thaifead an Roinn in 2017, 2018 agus 2019 agus €530 milliún, €556 milliún agus €505 milliún faoi seach.

4 In 2019, rinne an Bord Bainistíochta an sprioc atá beartaithe do chúig scéim a leasú.

5 Sainaithníonn an *BAU* éilimh le haghaidh a n-athbhreithnithe ar raon bealaí lena n-áirítear samhaltú tuarthach (m.sh. don scéim íocaíochta teaghlaigh aontuismitheora agus liúntas míchumais), samhaltú fachtóirí riosca (m.sh. pinsean baintreacha), rialacha gnó (m.sh. scéimeanna cuardaitheora poist), tacar sonraí le hathbhreithnithe a ghiniúint (pinsean Stáit neamhranníocach) agus teaglaim de na cineálacha cur chuige thuas. Sanntar rioscaí, cosúil le stair ró-íocaíochtaí, ar bhonn córasach d'éilitheoirí agus scéim ásamhaltú ach déanann Oifigeach Cinnidh breithiúnas ar shaincheisteanna den sórt sin agus éilimh ar athbhreithniú á roghnú aige.

- earnálacha éagsúla den gheilleagar a shainaithint ina bhfuil riosca calaoise agus mí-úsáide níos airde (m.sh. oibrithe ócáideacha).

**4.25** Déanann an Roinn an teagmhas a thionscnaíonn athbhreithniú rialaithe a thaifeadadh — mar shampla, athbhreithnithe a mhol an *BAU*, nó roghnú faoi shuirbhé rialaithe nó athbhreithnithe faoi threoir faisnéise. Dúirt an Roinn go n-éascaíonn anailís ar na teagmhais seo chun patrúin a shainaithint i dtorthaí athbhreithnithe agus líon agus cineál na n-athbhreithnithe atá á ndéanamh ag scéimeanna.

**4.26** Le réimsí na scéime, cinntear an cineál athbhreithnithe rialaithe atá le déanamh, lena gcuimsítear

- athbhreithnithe deisce i gcás nach bhfeictear an custaiméir duine le duine (lena n-áirítear athbhreithnithe a dhéantar trí chor poist) agus is éard atá ann ná scrúdú ar theidlíocht ar íocaíocht bunaithe ar an doiciméadacht atá ar fáil[1]
- athbhreithnithe deisce ina bhfeictear an custaiméir lena n-áirítear agallaimh duine le duine leis an gcustaiméir maidir le héilimh a bhainistítear ag ionaid Intreo[2]
- cigireachtaí a dhéanann cigirí leasa shóisialaigh a bhféadfadh cuairteanna baile agus /nó agallaimh ar an láthair le héilitheoirí agus le fostóirí a bheith ina measc
- imscrúduithe ag an Aonad Imscrúduithe Speisialta[3]
- scrúduithe nó measúnuithe míochaine (lena n-áirítear measúnú deisce).

**4.27** Taispeántar catagóiriú na n-athbhreithnithe a rinneadh sa tréimhse idir mí Aibreáin agus mí na Nollag 2019 i bhFíor 4.4 (níl sonraí níos luaithe inchomparáide go díreach mar gheall ar athrú ar an mbealach ar taifeadadh sonraí). Ní shocraíonn an Rannán Rialaithe na cineálacha measúnaithe, nó cóimheasa idir na cineálacha measúnuithe — is iad na réimsí a oibríonn na scéimeanna aonair a chinneann é seo, bunaithe ar a dtaithí oibríochta. Déantar an chuid is mó d' athbhreithnithe ar shochair leanaí trí chorphost agus is deascbhunaithe atá an chuid is mó d'athbhreithnithe cuardaitheora poist, i gcás nach bhfeictear an custaiméir — tá meascán de chineálacha athbhreithnithe i scéimeanna eile.

**Fíor 4.4 Cineálacha athbhreithnithe a rinneadh, Aibreán go Nollaig 2019**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

1 D'fhéadfadh faisnéis a fuarthas maidir leis an éileamh nó ó fhiosrúchán ó chustaiméirí, ceistneoir (freagra ó chor poist), fiosrú incháilitheachta leanúnach nó féinmheasúnú, a chuir custaiméir ar ais, a bheith san áireamh sa doiciméadacht atá ar fáil.

2 Is ionad aonair é ionad Intreo do gach tacaíocht fostaíochta agus ioncaim.

3 Reáchtálann an tAonad Imscrúduithe Speisialta (*SIU*) raon gníomhaíochtaí agus tionscadal rialaithe, ag obair le foireann na gCoimisinéirí Ioncaim, leis an gCoimisiún Caidrimh san Ionad Oibre agus le gníomhaireachtaí comhlíonta agus forfheidhmithe eile. Cuireann an *SIU* béim ar idirghabháil dhíreach, gníomhaíocht ard-infheictheachta agus rannpháirtíocht dhíreach (lena n-áirítear agallaimh duine le duine).

### *Toradh na n-athbhreithnithe a rinneadh*

**4.28** Chun críocha an scrúdaithe seo, i gcás gach scéime, rinneadh comparáid idir líon na n-athbhreithnithe rialaithe le líon agus luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh in 2019, chun meánmhéid na ró-íocaíochta a braitheadh in aghaidh an athbhreithnithe a ríomh. Ba chóir na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara maidir leis an anailís seo.

- Aimsítear beagnach gach ró-íocaíocht a ardaíodh i bhformhór na mblianta ó athbhreithnithe rialaithe seachas ró-íocaíochtaí dar luach €12.2m san iomlán a ardaíodh in 2019 mar thoradh ar dheacrachtaí a d'eascair as an aistriú go córas nua sochair breoiteachta (féach ar mhír 4.50 agus 4.51). Cuireadh na ró-íocaíochtaí seo as an áireamh agus ró-íocaíochtaí meánacha á ríomh le haghaidh athbhreithnithe rialaithe don scéim sin .
- Chomh maith le ró-íocaíochtaí a sainaithníodh de bhun athbhreithnithe rialaithe, d'fhéadfadh ró-íocaíochtaí teacht chun cinn freisin má thugann éilitheoir nó a ionadaí fógra don Roinn gur íocadh iad de bhreis ar a dteidlíocht.[1] Sna cásanna seo, is gnách go mbíonn luach na ró-íocaíochtaí aonair íseal agus ní bheadh tionchar suntasach aige ar an anailís.
- D'fhéadfadh moill ama a bheith ann idir athbhreithniú rialaithe a dhéanamh agus ró-íocaíocht a ardú. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil leibhéal na ró-íocaíochtaí a ardaítear gach bliain de réir scéime comhsheasmhach go ginearálta (féach ar mhír 4.47), ní bheadh aon tionchar suntasach ag an moill seo ar an anailís.
- Agus líon iomlán na n-athbhreithnithe rialaithe a rinneadh á ríomh, cuimsíonn an Roinn athbhreithnithe a rinneadh mar chuid den phróiseas suirbhé rialaithe. I roinnt cásanna féadfar ró-íocaíochtaí a ardú mar thoradh ar na hathbhreithnithe seo. Mar sin féin, níl líon na n-athbhreithnithe a rinneadh agus na ró-íocaíochtaí a ardaíodh mar chuid den phróiseas suirbhé rialaithe ábhartha trí thagairt a dhéanamh do líon iomlán na n-athbhreithnithe a rinneadh.

**4.29** Ba cheart go mbeadh minicíocht níos airde ró-íocaíochtaí sainaitheanta ná mar a bheadh i sampla éileamh a roghnaíodh go randamach mar thoradh ar athbhreithniú riosca-bhunaithe ar éilimh, má bhíonn sé éifeachtach — is é ceann de chuspóirí na suirbhéanna rialaithe fachtóirí riosca a aithint chun athbhreithnithe rialaithe a dhíriú ar cásanna is dóichí a thabharfaidh fianaise faoi earráid nó calaois amhrasta. I bhFíor 4.5, taispeántar go raibh minicíocht na ró-íocaíochtaí a braitheadh trí athbhreithnithe rialaithe riosca-bhunaithe i bhfad níos airde ná trí shuirbhéanna rialaithe do cheithre scéim caiteachais ardluacha. Braitheadh athbhreithnithe riosca-bhunaithe ar phinsean Stáit ranníocach os cionn cúig oiread ráta na ró-íocaíochta nuair a cuireadh iad i gcomparáid le hathbhreithnithe randamacha ar an scéim sin.

**Fíor 4.5 A mhinice is a bhraitear ró-íocaíocht**

| Scéim (bliain inar foilsíodh suirbhé rialaithe ) | Céatadán na gcásanna suirbhé le ró-íocaíochtaí | Céatadán na gcásanna athbhreithnithe le ró-íocaíochtaí in 2019 |
|---|---|---|
| Pinsean stáit, neamhranníocach (2019) | 20% | 31% |
| Liúntas cúramóirí (2016) | 13% | 21% |
| Pinsean stáit, ranníocach (2016) | 5% | 26% |
| Pinsean easláine (2015) | 3% | 68% |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosaint Shóisialaigh. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1 Féadfaidh sé seo tarlú i gcásanna ina bhfuair éilitheoirí íocaíochtaí de bhreis ar theidlíocht nuair nár cuireadh an Roinn ar an eolas faoi athrú ar chúinsí an éilitheora nó inar lean an t-éilitheoir á íoc tar éis bháis.

**4.30** Braitear ráta ró-íocaíochtaí an-ard le hathbhreithnithe ar phinsin easláine, cuid acu mar gheall ar mhoilleanna maidir le fógra á thabhairt ag ionadaithe éilitheoirí maidir le bás. Soláthraíonn an Oifig Ard-Chláraithe (*GRO*) faisnéis faoi bhásanna don Roinn ar féidir í a mheaitseáil le héilimh ar íocaíocht. As na 1,165 athbhreithniú pinsin easláine a rinne an Roinn in 2019, d'eascair 441 cás ró-íocaíochta 'íoctha tar éis bháis' agus braitheadh ró-íocaíocht de €836 ar an meán.

**4.31** Úsáideann an *BAU* cineálacha cur chuige éagsúla lena n-áirítear, *inter alia*, samhaltú tuarthach, samhaltú fachtóirí riosca, anailís ar rialacha gnó agus anailísíocht sonraí chun cásanna le haghaidh athbhreithnithe a aithint. In 2019, b'ionann cásanna a roghnaíodh le haghaidh athbhreithnithe ag *BAU* agus 4% de na hathbhreithnithe iomlána a rinneadh.[1]

**4.32** Dúirt an Roinn go dtugtar tosaíocht do na cásanna seo le haghaidh athbhreithnithe ag réimsí na scéimeanna agus go léiríonn siad ráta braite ró-íocaíochta beagán níos airde ná athbhreithnithe arna dtionsnamh ag réimsí na scéimeanna. Mar shampla, in 2019, aimsíodh in athbhreithnithe ar liúntais míchumais a mhol *BAU* ró-íocaíochtaí i 22% de na cásanna i gcomparáid le 18% de na cásanna arna dtionsnamh ag scéimeanna. Maidir le liúntas cuardaitheora poist, aimsíodh in athbhreithnithe ar liúntais míchumais a mhol *BAU* ró-íocaíochtaí i 31% de na cásanna i gcomparáid le 28% de na cásanna arna dtionsnamh ag scéimeanna.

**4.33** B'ionann an sprioclíon athbhreithnithe a bhí le déanamh in 2019 agus 757,000, líon a bhí 43,000 níos lú ná in 2018. I gcomparáid le 2018, bhí athruithe ar sprioclíon na n-athbhreithnithe rialaithe idir méadú de 15,000 ar shochar linbh agus laghdú 28,500 do chuardaitheoirí poist.

**4.34** I bhFíor 4.6, taispeántar sprioc agus líon iarbhír na n-athbhreithnithe a rinneadh le blianta beaga anuas. In 2019, rinne an Roinn 80% de sprioclíon na n-athbhreithnithe (rinneadh 609,000 athbhreithniú, i gcoinne sprioclíon de 757,000 athbhreithniú). Ní dhearnadh thart ar aon trian de na hathbhreithnithe spriocdhírithe maidir le breoiteacht/ míchumas agus scéimeanna liúntais leasa fhorlíontaigh. Dúirt an Roinn gur bhain an príomheasnamh in athbhreithnithe le sochar leanaí (mar gheall ar athbhreithniú breithiúnach in 2019) agus scéimeanna cuardaitheora poist (mar gheall ar dhífhostaíocht níos ísle). [2]

1 Roghnaigh an *BAU* 31,000 cás in 2019 — scrúdaíodh 23,000 cás (4% den iomlán) le linn 2019 agus rinneadh athbhreithniú ar na 8,000 cás eile le linn 2020.

2 In 2019 d'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí torthaí diúltacha maidir le modheolaíocht athbhreithnithe ar shochair leanaí. Chinn an Roinn na hathbhreithnithe a chur ar fionraí ar feadh roinnt míonna agus athbhreithniú breithiúnach á lorg ag an Roinn. Chinn an Coimisiún um Chosaint Sonraí ina dhiaidh sin gan na himeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh a chosaint agus d'aontaigh sé le hordú *certiorari* ag neamhniú a thorthaí. Cuireadh tús arís leis an gclár chun teastais incháilitheachta leanúnacha a eisiúint i mí Eanáir 2020.

**Fíor 4.6 Sprioc na n-athbhreithnithe rialaithe agus na n-athbhreithnithe a rinneadh, 2016 go 2019**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

**4.35** I bhFíor 4.7, taispeántar staitisticí athbhreithnithe maidir le rialaithe d'athbhreithnithe a tugadh chun críche in 2019, de réir réimse na scéime. Is léir, cé go bhfuil cion suntasach d'athbhreithnithe rialaithe á ndéanamh ar íocaíochtaí sochair leanaí, nach bhfágann toradh na n-athbhreithnithe seo go mbraitear cion (nó luach) suntasach ró-íocaíochtaí .[1]

**4.36** Dúirt an Roinn go léirítear leis an líon ard athbhreithnithe éileamh ar shochar linbh i gcomparáid le scéimeanna eile an fhíric go bhfuil sochar linbh ar cheann de na scéimeanna is mó i dtéarmaí éileamh ar íocaíocht agus an mhodheolaíocht atá i bhfeidhm ag an Roinn chun na hathbhreithnithe a dhéanamh trí dhearbhuithe poist agus réiteach scanadh trínar féidir athbhreithnithe a dhéanamh ar chostas íseal (i gcomparáid le scéimeanna eile a éilíonn athbhreithnithe míochaine, cuairteanna ó chigirí, srl.). Ba cheart an éifeacht dhíspreagthach, a bhaineann leis na hathbhreithnithe seo a dhéanamh, a thabhairt faoi deara freisin mar is meabhrúchán iad do chustaiméirí faoin ngá an Roinn a chur ar an eolas maidir le hathruithe ar a gcúinsí (m.sh. bogadh thar lear, leanbh ag fágáil tí, srl.). Cé go bhfuil luach na ró-íocaíochtaí i gcomparáid le scéimeanna eile níos ísle tá sin amhlaidh toisc go bhfuil an meánluach íocaíochta bliantúil níos ísle. Tá na coigiltis fós mór i dtéarmaí airgeadaíochta agus is iolraí iad den chostas a bhaineann leis na hathbhreithnithe éilimh a dhéanamh.

**Fíor 4.7 Forbhreathnú ar athbhreithnithe rialaithe a rinneadh in 2019 [a]**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosaint Shóisialaigh. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Baineann an fhaisnéis a chuirtear i láthair le líon na n-athbhreithnithe rialaithe agus le líon agus luach na ró-íocaíochtaí a bhraith na hathbhreithnithe rialaithe sin. Ní chuimsíonn sé 12,400 cás ró-íocaíochta (luach de €12.2 milliún) a braitheadh tar éis saincheisteanna a d'eascair as aistriú go córas nua sochair breoiteachta, mar a shonraítear i mír 4.50 agus 4.51.

1 In 2019, rinneadh athbhreithniú ar 37% d'éilitheoirí sochair leanaí agus rinneadh díreach 1.5% de na hathbhreithnithe ar sainaithníodhró-íocaíocht mar thoradh orthu agus ba é an ró-íocaíocht mheánach a sainaithníodh ná €19. Tá an próiseas athbhreithnithe um rialú sochar leanaí uathoibrithe den chuid is mó (cur chuige ríomhphoist go príomha nuair a chomhlánaíonn an t-éilitheoir ceistneoir), murab ionann agus an próiseas athbhreithnithe do scéimeanna eile. Dúirt an Roinn, ar an gcúis seo, nach scaoilfeadh laghdú ar líon na n-athbhreithnithe ar shochar leanaí méid suntasach acmhainní a d'fhéadfaí a úsáid chun athbhreithnithe rialaithe a dhéanamh ar scéimeanna eile.

**Fíor 4.8 Déine athbhreithnithe agus cion na n-athbhreithnithe rialaithe a raibh ró-íocaíocht mar thoradh orthu, 2019**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosaint Shóisialaigh. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Cuimsítear in Eile thart ar 5% de na hathbhreithnithe go léir agus 6% d'éilimh ghníomhacha in 2019.
b Tá déine an athbhreithnithe bunaithe ar líon iarbhír na n-athbhreithnithe a rinneadh in 2019 agus líon na n-éileamh gníomhach ag am ar bith le linn 2019.
c Ní chuimsítear san anailís seo 12,400 cás ró-íocaíochta a sainaithníodh tar éis saincheisteanna a d'eascair as aistriú go córas nua sochair breoiteachta toisc nach raibh siad sin mar thoradh ar athbhreithnithe rialaithe mar a shonraítear i mír 4.50 agus 4.51.
d Cuimsítear pinsin easláine i bpinsin breoiteachta/míchumais.

**4.37** Ag baint úsáide as cur chuige riosca-bhunaithe, bheifí ag súil go mbeadh cion na n-athbhreithnithe a shainaithníonn ró-íocaíochtaí agus meánluach na ró-íocaíochtaí a bhraitear ag teacht le cion na n-éilitheoirí a ndearnadh athbhreithniú orthu. Is é an dúshlán an déine athbhreithnithe cheart a roghnú atá éifeachtach ó thaobh costais de.

**4.38** Mar chuid den scrúdú seo, rinneadh déine an athbhreithnithe (cion na n-éilitheoirí a fuair íocaíocht i rith na bliana atá faoi réir athbhreithnithe) a chur i gcomparáid le cion na n-athbhreithnithe a rinneadh a raibh ró-íocaíocht mar thoradh orthu. Tá na torthaí leagtha amach i bhFíor 4.8.

**4.39** Bíonn déine athbhreithnithe ard i gceist d'éilitheoirí na híocaíochta teaghlaigh oibre agus an íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora — ach tá an ró-íocaíocht mheánach a braitheadh íseal i gcoibhneas le roinnt scéimeanna eile. I gcomparáid leis sin, taispeántar i bhFíor 4.8 go n-aithnítear leibhéal ró-íocaíochta ard go comhréireach mar thoradh ar roinnt scéimeanna a bhfuil leibhéil athbhreithnithe réasúnta íseal acu. Mar shampla,

- Rinneadh athbhreithniú ar 8% d'éilitheoirí pinsin in 2019 agus aimsigh 20% d'athbhreithnithe ró-íocaíocht — ba é an ró-íocaíocht mheánach a braitheadh in aghaidh an athbhreithnithe ná €770.
- Rinneadh athbhreithniú ar 6% de dhaoine aonair a bhí ag éileamh íocaíochtaí breoiteachta / míchumais (gan pinsin easláine a áireamh) agus mar thoradh ar 11% de na hathbhreithnithe a rinneadh in 2019 aithníodh ró-íocaíocht — b'ionann an ró-íocaíocht mheánach a braitheadh in aghaidh an athbhreithnithe agus €415.[1]
- Rinneadh athbhreithniú ar 2% d'éilitheoirí pinsin easláine in 2019 agus mar thoradh air sin aithníodh ró-íocaíocht i 68% de na hathbhreithnithe — b'ionann an ró-íocaíocht mheánach a braitheadh in aghaidh an athbhreithnithe agus €1,140.

1 Ní chuimsíonn na figiúirí seo 12,400 cás ró-íocaíochta a braitheadh tar éis saincheisteanna a d'eascair as aistriú go córas nua sochair breoiteachta toisc nach raibh na ró-íocaíochtaí seo mar thoradh ar athbhreithnithe rialaithe (féach ar mhír 4.50 agus 4.51 le haghaidh tuilleadh sonraí).

**4.40** Taispeántar san anailís seo go bhféadfaí déine an athbhreithnithe a mhéadú do roinnt scéimeanna ina sainaithnítear sna hathbhreithnithe a dhéantar níos mó ró-íocaíochtaí go comhréireach ná scéimeanna eile.

**4.41** Dúirt an Roinn go bhfuil údar le leibhéal an athbhreithnithe rialaithe ar na scéimeanna íocaíochta teaghlaigh oibre, teaghlaigh aontuismitheora agus liúntais leasa fhorlíontaigh, in ainneoin an leibhéal níos ísle de ró-íocaíochtaí a braitheadh i gcoibhneas le scéimeanna eile, mar gheall ar a mhinice is a athraítear cúinsí éilitheoirí.

***Torthaí athbhreithnithe rialaithe a chomhtháthú sa phróiseas rialaithe***

**4.42** Déanann Bord Chlár Rialaithe na Roinne maoirseacht ar an bpróiseas rialaithe do gach scéim. Tuairiscíonn Bord an Chláir Rialaithe do Bhord Bainistíochta na Roinne trína chathaoirleach (Rúnaí Cúnta). Cuimsíonn an Bord ionadaithe (gach ceann acu ar leibhéal príomhoifigigh) na Rannóige Rialaithe, an *BAU*/Aonaid Imscrúduithe Speisialta, ionadaithe na rannán geografach agus ionadaithe ó scéimeanna áirithe. Tagann Bord an Chláir Rialaithe le chéile timpeall sé huaire in aghaidh na bliana.

**4.43** Tá Bord an Chláir Rialaithe freagrach as athruithe ar phróisis rialaithe a cheadú. Níl aon aighneacht struchtúrtha chuig Bord an Chláir Rialaithe ina sainaithnítear tréithe athbhreithnithe a bhraitheann ró-íocaíochtaí. Soláthraíonn Bord an Chláir Rialaithe fóram, áfach, do bhaill chun béim a chur ar imní nó torthaí ó obair de bharr tionscadal d'fhonn aghaidh a thabhairt ar rioscaí ar leith (mar shampla, grúpa gníomhachtaithe ceantair áitiúil). Dúirt an Roinn go gcuirtear rioscaí sonracha a shainaithníonn tionscadail den sórt sin in iúl don Rannán Rialaithe, a dhéanann idirchaidreamh leis an Aonad Imscrúduithe Speisialta ar bhonn níos láithrí.

**4.44** I measc samplaí d'athruithe ar phróisis rialaithe a d'fhormheas Bord an Chláir Rialaithe in 2019 tá an t-aistriú chuig suirbhéanna rialaithe rollta do scéimeanna áirithe, leathnú athbhreithnithe anailíseacha chuig scéimeanna cúramóirí agus cleachtais nua d'imscrúduithe a bhaineann le fostaíocht.

**4.45** Mar chuid den scrúdú seo, scrúdaíodh sampla de chéad athbhreithniú rialaithe a rinneadh in 2019 ar cheithre scéim — liúntas míchumais, forlíonadh cíosa, pinsean Stáit (ranníocach), agus liúntas cuardaitheora poist. Aimsíodh sa scrúdú cé go raibh fianaise ann go ndearnadh na hathbhreithnithe rialaithe tuairiscithe, go raibh sé ní ba dheacra an dearbhú a fuarthas ón athbhreithniú rialaithe a mheas i ndeich gcás (10% den sampla a scrúdaíodh), toisc nach raibh taifead soiléir ann den obair a rinneadh mar chuid den athbhreithniú rialaithe — i.e. an doiciméadacht a ndearnadh athbhreithniú air agus na hábhair a breithníodh agus toradh an athbhreithnithe á thabhairt chun críche, lena n-áirítear cibé ar chóir ró-íocaíocht a ardú. Bhí ar an scrúdú soiléiriú a lorg ón Roinn ar shaincheisteanna amhail na cúiseanna nár ardaíodh ró-íocaíochtaí i gcásanna áirithe, an éagsúlacht i leibhéal na fianaise doiciméadaí a thacaíonn leis an athbhreithniú rialaithe, agus na cúiseanna le hathbhreithnithe rialaithe a dhéanamh ar roinnt éilitheoirí aonair go minic. Dúirt an Roinn nach bhfuil sé neamhchoitianta go ndéantar athbhreithniú ar roinnt éileamh aonair níos minice ná a chéile ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear, athruithe ar chúinsí pearsanta / teaghlaigh, luaineacht tuillimh, roghnú ag *BAU* nó suirbhéanna rialaithe nó rioscaí sainaitheanta de réir réimsí scéime.

**4.46** Shainaithin an tOmbudsman saincheist na ndoiciméad athbhreithnithe rialaithe easnamhach freisin. In 2019, rinne an tOmbudsman scrúdú ar 33 cás d'aisghabháil ró-íocaíochtaí ag an Roinn agus bhí imní air maidir le 15 chás, lena n-áirítear imní nach raibh go leor fianaise doiciméadach ar fáil chun tacú le cuid de chinntí na Roinne. [1]

1 *Fair Recovery* , Oifig an Ombudsman, 2019.

## Ró-íocaíochtaí

**4.47** Sa chás go sainaithníonn an Roinn go bhfuil íocaíocht mhícheart á déanamh, féadfar ró-íocaíocht a ardú. Sainaithnítear ró-íocaíochtaí go hiondúil trí athbhreithnithe rialaithe.[1] Le blianta beaga anuas (2015 go 2019), bhí leibhéal na ró-íocaíochtaí a bailíodh comhsheasmhach den chuid is mó, sa raon idir €108 milliún agus €117 milliún (in 2019, €117 milliún a bhí ann). Cé go bhfuil caiteachas an Chiste Árachais Shóisialaigh (*SIF*) agus Vóta cothrom den chuid is mó, de ghnáth níl leibhéal na ró-íocaíochtaí a bhraitear i scéimeanna maoinithe árachais shóisialta ach an cúigiú cuid den leibhéal a bhraitear i scéimeanna arna maoiniú ag Vóta. Is gnách go mbíonn rátaí earráide/calaoise níos airde ag scéimeanna a ndéantar tástáil acmhainne orthu, toisc go n-athraíonn ioncam éilitheoirí le scéimeanna árachais-bhunaithe ná mar a chinntear incháilitheacht ag pointe amháin in am bunaithe ar ranníocaíochtaí árachais shóisialta a dhéantar suas go dtí an t-am sin.

**4.48** Chomh maith leis na cúiseanna le híocaíocht mhícheart a sainaithníodh níos luaithe (calaois amhrasta, earráid éilitheora agus earráid oifigiúil), sainaithníonn an Roinn catagóir eile ró-íocaíochtaí dá ngairtear cásanna eastáit. Tarlaíonn sé seo nuair a aimsítear go raibh níos mó sócmhainní ag duine marbh ná mar a dearbhaíodh don Roinn le linn an mheasúnaithe acmhainne is déanaí. I bhFíor 4.9, taispeántar catagóiriú na ró-íocaíochtaí do 2019.

**Fíor 4.9 Catagóiriú na ró-íocaíochtaí arna sainaithint ag an Roinn, 2019**




Foinse: Cuntas leithreasa 2019 na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta agus ráitis airgeadais 2019 an Chiste Árachais Shóisialaigh.

1 Tharla eisceacht in 2019 nuair a tháinig 12,400 cás ró-íocaíochta le luach ró-íocaíochta iomlán de €12.2 milliún chun cinn tar éis saincheisteanna a d'eascair as aistriú go córas nua sochair breoiteachta (féach ar mhír 4.50 agus 4.51). Tá luach na ró-íocaíochtaí seo san áireamh san anailís thíos agus tá sé rangaithe mar earráid oifigiúil.

**Fíor 4.10 Innéacs de luach na ró-íocaíochtaí arna mbailiú ag an Roinn, 2013 go 2019 (2013 = 100)**




Foinse: Cuntais leithreasa na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta, agus ráitis airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**4.49** Go ginearálta, tá luach braite na ró-íocaíochtaí a chuirtear i leith calaoise amhrasta laghdaithe ó 2013. Braitheadh go mór na ró-íocaíochtaí a fuarthas mar thoradh ar earráid oifigiúil in 2019, go príomha mar gheall ar shaincheisteanna a bhain le córas nua TF um shochar breoiteachta a chur i bhfeidhm.

**4.50** D'eascair ró-íocaíochtaí in 2019 de €12.2 milliún in éilimh ar shochar breoiteachta nuair a aistríodh chuig córas nua próiseála éileamh sochar breoiteachta. I mí Lúnasa 2018, d'aistrigh an Roinn oibriú na scéime um shochar breoiteachta (SB) ó chóras TF leagáide go dtí a croíchóras TF. Mar thoradh ar fhadhbanna a d'eascair as an aistriú seo bhí deacrachtaí maidir le héilimh ar shochair bhreoiteachta a phróiseáil a raibh tionchar diúltach acu ar éilitheoirí. Ag an am, bhí fadhbanna ann freisin le Dochtúirí Teaghlaigh maidir le seachadadh leanúnach na scéime agus mar thoradh air sin fuarthas cineálacha éagsúla teastais, agus ní rabhthas ábalta go leor díobh a 'scanadh' nó a ionchur sa chóras nua ar bhealach a d'éascódh lena oibriú go réidh. Rinneadh cinneadh próiseas uath-dheimhnithe a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhféadfaí éilimh a phróiseáil go tráthúil agus am a cheadú chun saincheisteanna a réiteach leis na Dochtúirí Teaghlaigh. [1]

**4.51** Dúirt an Roinn, cé gur aithin sí go dtarlódh roinnt ró-íocaíochtaí, gur athrú riachtanach comhréireach a bhí ann chun a chinntiú nach mbainfí tacaíochtaí airgeadais d'éilitheoirí leochaileacha nó tinne. Ag an am, ní raibh aon mheastachán ann ar leibhéal na ró-íocaíochtaí a d'fhéadfadh tarlú. Mar thoradh ar an gcinneadh, rinneadh íocaíochtaí sochair breoiteachta de bhreis ar theidlíocht sa tréimhse Lúnasa 2018 go lár 2019 — baillíodh tromlach fhiacha na ró-íocaíochtaí lena aisghabháil sa chéad leath de 2019.

**4.52** Chomh maith leis na ró-íocaíochtaí uath-dheimhnithe sochair bhreoiteachta de €12.2 milliún, bhí ró-íocaíochtaí sochair breoiteachta ar luach €2.5 milliún i leith 11,000 éilitheoir, mar thoradh ar eisiúint íocaíochtaí faoi dhó le héilitheoirí mar gheall ar dhúbailt i sceidealú aon reatha íocaíocht sheachtainiúil *EFT* amháin i mí na Nollag 2019. Tá ráite ag an Roinn go bhfuil socruithe déanta acu chun na ró-íocaíochtaí a aisghabháil ó na daoine aonair lena mbaineann, gur tugadh aghaidh ar an mbuncheist as ar eascair na ró-íocaíochtaí agus nach dócha go dtarlóidh sé arís sa todhchaí.[2] Níor ardaíodh na fiacha ró-íocaíochta sna cásanna seo lena n-aisghabháil go dtí Feabhra 2020 agus mar sin níl siad san áireamh i méid ró-íocaíochtaí 2019 de €15.8 milliún a taifeadadh i gcuntais *SIF*.

**4.53** Bhí an ráta aisghabhála ró-íocaíochta comhsheasmhach sa tréimhse 2015 go 2019, sa raon €78 milliún go €82 milliún (€79 milliún in 2019).

1 Faoin bpróiseas uath-dheimhnithe, rinne an Roinn éilimh a phróiseáil, lena n-áirítear cásanna nach bhfuarthas deimhniú míochaine nuashonraithe chun a chinntiú nach mbainfí tacaíochtaí airgeadais d'éilitheoirí.

2 Leasaíodh na nósanna imeachta rith bhaisc na phróiseála íocaíochtaí chun rialuithe agus seiceálacha breise a chur san áireamh d'oibreoirí a chabhróidh le cosc a chur ar an gceist seo tarlú arís agus arís eile. Áirítear leis seo anailís ar threochtaí íocaíochta a shainaithníonn agus a thaispeánann cruthú íocaíochta neamhghnáiche nach mór do bhainisteoir agus úinéir gnó a cheadú ansin sular féidir leis an táirgeadh íocaíochta dul ar aghaidh.

## Conclúidí agus moltaí

**4.54** Tá leibhéal na n-íocaíochtaí neamhrialta a fhaigheann suirbhéanna rialaithe na Roinne ábhartha. Dá réir sin, thagair mé i mo thuarascálacha iniúchta ar chuntas leithreasa 2019 do Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Cosaint Shóisialta agus ráitis airgeadais 2019 an Chiste Árachais Shóisialaigh chuig leibhéal ábhartha neamhrialtachta na n-íocaíochtaí scéime.

**4.55** Ó 2014, bhí sé beartaithe ag an Roinn gach bliain dhá nó trí shuirbhé rialaithe pointe-in-am a dhéanamh. Féadfaidh an t-am a thógfaidh sé torthaí na suirbhéanna rialuithe a chomhlánú agus a fhoilsiú a bheith idir bliain amháin agus trí bliana.

**4.56** Chuir an Roinn tús le próiseas samplála leanúnach ó 2020 i leith scéimeanna áirithe níos mó - liúntas cuardaitheora poist agus liúntas míchumais.

### Moladh 4.1

Ba cheart don Roinn aghaidh a thabhairt ar chúiseanna na moilleanna maidir le torthaí na suirbhéanna rialaithe pointe-in-am a chríochnú agus a fhoilsiú agus riar, bailchríochnú agus foilsiú na suirbhéanna nua a tugadh isteach a rialú go docht bunaithe ar shampláil leanúnach.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Déanann an Roinn a dícheall i gcónaí suirbhéanna rialaithe a chomhlánú agus a fhoilsiú chomh tapa agus is féidir agus de réir na gcaighdeán is airde agus go ginearálta tá tuarascálacha suirbhé curtha ar fáil aici de réir na sprice. I bhformhór na mblianta (2015, 2016, 2017 agus 2019) foilsíodh dhá thuarascáil suirbhé rialaithe. Taispeántar inár dtaithí oibríochta, áfach, go mbíonn claonadh ag gach suirbhé cineálacha éagsúla saincheisteanna a ardú a thógann tamall lena réiteach. Aimsíodh go háirithe gur gnách go dtógann sé níos mó ama scéimeanna a bhfuil comhpháirt mhíochaine iontu a chur i gcrích mar gheall ar a gcineál agus na coinníollacha incháilitheachta bunúsacha a ghabhann leis na scéimeanna. Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar an mbealach a dhéantar na suirbhéanna seo d’fhonn cibé feabhsúcháin is féidir a dhéanamh chun na suirbhéanna a chomhlánú ar an mbealach is éifeachtaí agus is tráthúla. Ina theannta sin, cuirfidh an t-aistriú chuig sampláil leanúnach do scéimeanna níos mó le táirgeadh tuarascálacha suirbhé rialaithe. Tugtar tús áite d’athbhreithnithe suirbhéanna rialaithe agus féachfaidh an Roinn lena chinntiú go bhfoilseofar dhá shuirbhé in aghaidh na bliana mar a tharla i gceithre cinn de na cúig bliana anuas.

**4.57** Cuimsíonn an chuid is mó de na hathbhreithnithe rialaithe cor poist chuig an éilitheoir (go háirithe maidir le hathbhreithnithe ar shochar leanaí) nó ní éilíonn siad caidreamh pearsanta leis an éilitheoir. Molann rannán rialaithe na Roinne an sprioc bhliantúil maidir líon na n-athbhreithnithe atá le déanamh ag gach réimse scéime atá faofa ag bord an chláir rialaithe agus ag an mBord Bainistíochta.

**4.58** Níl thagann déine na n-athbhreithnithe rialaithe do scéimeanna aonair le cion na gcásanna ina mbraitear ró-íocaíocht nó ina mbraitear an ró-íocaíocht ar an meán. Dá bhrí sin, b’fhéidir nach mbeidh an úsáid is éifeachtaí as na hacmhainní atá ar fáil mar thoradh ar an bpróiseas chun an sprioclíon athbhreithnithe a shocrú do gach réimse scéime.

**Moladh 4.2**

Caithfidh an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a cur chuige maidir le spriocanna a leagan síos maidir le líon na n-athbhreithnithe atá le déanamh, chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Sula leagfaidh sí síos spriocanna do 2021, déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar a cur chuige foriomlán maidir le spriocanna bliantúla a leagan síos ar fud na réimsí éagsúla scéime, ag cur san áireamh na moltaí a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Maidir leis seo, chuirfeadh an Roinn in iúl gur féidir le húsáid anailíse ar fhachtóirí riosca agus anailísíocht ghnó leibhéal níos airde de bhrath ró-íocaíochta a bhaint amach ar shraith spriocdhírithe athbhreithnithe rialaithe agus ní gá go leanfadh sé dá thoradh sin go méadófar líon na n-athbhreithnithe an leibhéal braite céanna ar fud tacar athbhreithnithe níos mó. Déanfar athbhreithniú ar shocrú spriocanna leis na páirtithe leasmhara ábhartha le linn na ráithe deireanaí de 2020 agus na chéad ráithe de 2021.

**4.59** In 2019, bhain an Roinn 80% de sprioclíon na n-athbhreithnithe amach. Bhí an t-easnamh is mó i líon na n-athbhreithnithe maidir le sochair leanaí agus scéimeanna cuardaitheora poist. Bhí an t-easnamh is mó i dtéarmaí céatadán na sprice maidir le breoiteacht/míchumas agus liúntas leasa forlíontach.

**Moladh 4.3**

Ba cheart don Roinn a chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici chun athbhreithnithe pleanáilte a dhéanamh agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i gcrích na n-athbhreithnithe seo ar bhonn leanúnach. Ba cheart di a chinntiú go ngníomhófar go pras nuair is dóigh go dtarlóidh easnamh suntasach idir athbhreithnithe pleanáilte agus athbhreithnithe iarbhír.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tugadh aghaidh níos luaithe sa chaibidil seo ar an gceist maidir le hathbhreithnithe sochair leanaí a chur ar fionraí. Scrúdóidh an Roinn a cumas freastal ar athbhreithnithe pleanáilte, le linn na ráithe deireanaí de 2020 agus na chéad ráithe de 2021, agus spriocanna á leagan síos, agus ag an am céanna ag sainaithint na n-éileamh iomaíoch a chuirtear ar acmhainní foirne. Cé go mbíonn cothromaíocht ann i gcónaí idir próiseáil agus riar éileamh nua nó iarratais ar athbhreithnithe ó éilitheoirí agus athbhreithnithe rialaithe, féachfaidh an Roinn lena chinntiú go gcoinneofar acmhainní tiomnaithe a leithdháiltear ar athbhreithnithe rialaithe. Déanfar monatóireacht leanúnach ar athbhreithnithe chun gníomhú nuair a shamhlaítear easnamh suntasach.

**4.60** Taispeánann sonraí arna dtáirgeadh ag an Roinn go bhfuil a cur chuige riosca-bhunaithe, go háirithe na héilimh sin a roghnaíonn an *BAU* le hathbhreithniú, níos éifeachtaí ná sampláil randamach éileamh. Mar sin féin, níor léirigh éilimh a roghnaíodh le haghaidh athbhreithnithe ag an *BAU* ach 4% de na héilimh go léir a ndearnadh athbhreithniú orthu. Tá leibhéal na ró-íocaíochtaí a braitheadh le hathbhreithnithe rialaithe comhsheasmhach ar an iomlán le blianta beaga anuas agus tá leibhéal na ngnóthachan comhsheasmhach go ginearálta freisin.

**4.61** Bunaíodh Bord an Chláir Rialaithe chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas rialaithe do gach scéim. Mar sin féin, níl aon struchtúr foirmiúil ann chun saincheisteanna rialaithe suntasacha arna sainaithint ag athbhreithnithe rialaithe ar gach scéim a thuairisiciú ar bhonn tréimhsiúil do Bhord an Chláir Rialaithe.

**Moladh 4.4**

Ba cheart don Roinn an struchtúr a chur ar bhonn foirmiúil chun saincheisteanna rialaithe suntasacha, a shainaithnítear trí thástáil athbhreithnithe rialaithe, a thiomsú agus a thuairisciú do gach scéim.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear le cuid de seo.

Faigheann Bord Clár Rialaithe na Roinne nuashonrú ag gach ceann dá chruinnithe maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar fud na réimsí scéimeanna éagsúla maidir lena spriocanna athbhreithnithe agus coigiltis don bhliain a bhaint amach. Cé go bhfuiltear ag plé na nithe a fhoghlaimítear, faoi na hathbhreithnithe rialaithe a rinneadh, faoi láthair, cinnteoidh an Roinn go gcuirfidh na réimsí scéime struchtúr foirmiúil cumarsáide i bhfeidhm do Bhord an Chláir Rialaithe amach anseo. Déanfaidh an Rannán Rialaithe anailís freisin ar na bunchúiseanna le ró-íocaíochtaí agus tuairisceoidh sí na torthaí do Bhord an Chláir Rialaithe. D'éascódh sé seo cur chuige córasach maidir le gníomhaíochtaí riachtanacha a shainaithint a bhféadfadh cur i bhfeidhm rialuithe nua nó modhnú ar na nósanna imeachta atá ann cheana a bheith san áireamh leo. Cinnteoidh an Roinn go n-áireofar gach plé i measc chomhaltaí an Bhoird, ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar spriocanna, agus ar fhoghlaim ó athbhreithnithe rialaithe sna miontuairiscí amach anseo chun a dhearbhú go ndearnadh na saincheisteanna seo a mheas go mion.

**4.62** Aimsíodh sa scrúdú i leith sampla de chéad athbhreithniú rialaithe a rinneadh in 2019 go raibh fianaise ann chun tacú leis go ndearnadh na hathbhreithnithe rialaithe tuairiscithe — taifeadadh gach athbhreithniú rialaithe ar an gcóras TF. Mar sin féin, aimsíodh sa scrúdú freisin go raibh sé deacair a mheas i 10% de na cásanna cén dearbhú a fuarthas ón athbhreithniú rialaithe mura raibh taifead soiléir ann den obair a rinneadh mar chuid den athbhreithniú rialaithe.

**Moladh 4.5**

Ba cheart don Roinn a mheas an leor an cháipéisíocht reatha maidir leis na hathbhreithnithe rialaithe nó ar cheart í a athrú d'fhonn taifeadadh sistéamach na hoibre a dhéantar agus cinntí a ghlactar a éascú, lena n-áirítear feabhsúcháin fhéideartha ar rialuithe scéime a shainaithint.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Breithneoidh an Roinn an doiciméadacht reatha a taifeadadh agus a choinneofar mar bhonn agus taca le hathbhreithnithe rialaithe, le linn na ráithe deireanaí de 2020 agus na chéad ráithe de 2021, laistigh de theorainneacha na rialachán um chosaint sonraí d'fhonn a chinntiú go bhfuil taifead chomh hiomlán agus is féidir ann maidir le conas a dhéantar cinntí.

**4.63** Go ginearálta, tá luach braite na ró-íocaíochtaí a chuirtear i leith calaoise amhrasta laghdaithe ó 2013. Tháinig méadú ar ró-íocaíochtaí a braitheadh a d'eascair as earráid oifigiúil go suntasach in 2019. Bhain an méadú go príomha le ró-íocaíochtaí sochair breoiteachta €12.2 milliún mar gheall ar chóras TF nua a chur i bhfeidhm, a dhíríonn ar an ngá le tástáil níos daingne sula 'dtéitear beo'.

**Moladh 4.6**

Ba cheart don Roinn a chinntiú go ndéantar tástáil iomlán ar chórais nua agus gur aontaigh geallsealbhóirí ábhartha an córas nua a oibriú, sula ndéanfar athruithe ábhartha ar phróiseas.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Déanann an Roinn raon mionsonraithe tástálacha córais, comhtháthaithe agus úsáideora cheana féin sula n-úsáidtear aon chóras TF agus d'éirigh léi an chuid is mó dá phríomhscéimeanna a aistriú (lena n-áirítear pinsin, míchumas, easláine, cúramóirí, sochar linbh, sochar cóireála srl.) ar an ardán TF *BOMi* sular aistríodh an córas sochair breoiteachta. Mar chuid den phróiseas chun an córas sochair breoiteachta a chur i bhfeidhm d'éirigh leis an Roinn fo-mhír den ualach éilimh ar shochar breoiteachta (faighteoirí sochair acmhainne páirteach) a aistriú níos luaithe in 2018. Choimisiúnaigh an Roinn athbhreithniú neamhspleách ar imlonnú an chórais sochair bhreoiteachta a bhfuil a thorthaí, lena n-áirítear an gá le comhoibriú iomlán a chinntiú ag na páirtithe leasmhara go léir, fiú nuair nach bhfuil na páirtithe leasmhara sin cleamhnaithe le comhlacht aitheanta chun críocha caibidlíochta, curtha san áireamh anois ag coiste rialachais clár na Roinne agus cuirfear san áireamh é i ngach imlonnú córais sa todhchaí.

## Iarscríbhinn 4A Príomhghnéithe den Straitéis um Comhlíonadh agus Frith-Chalaois 2019 go 2023

| | |
|---|---|
| **Cosc** | ▪ Aitheantas an chustaiméara a fhíordheimhniú<br>▪ Bailíochtú na sonraí a soláthraíodh<br>▪ Earráid oifigiúil a íoslaghdú trí oiliúint agus forbairt córas<br>▪ Faisnéis shoiléir intuigthe a sholáthar faoi rialacha na scéime<br>▪ Feasacht ar an gceanglas, chun fógra a thabhairt don Roinn faoi athrú sna himthosca, a mhéadú |
| **Díspreagadh** | ▪ Imscrúdú<br>▪ Aisghabháil ró-íocaíochta<br>▪ Ionchúiseamh |
| **Braith** | ▪ Anailísíocht sonraí<br>▪ Meaitseáil sonraí (inmheánach agus tríú páirtí)<br>▪ Measúnú riosca<br>▪ Athbhreithnithe éilimh<br>▪ Aonad Imscrúdaithe Speisialta<br>▪ Suirbhéanna rialaithe do scéimeanna |
| **Cuntas** | ▪ Spriocanna do ghníomhaíochtaí rialaithe<br>▪ Tuarascáil ráithiúil do Bhord Bainistíochta na Roinne<br>▪ Tuarascáil bhliantúil foilsithe ar ghníomhaíochtaí rialaithe |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

## Iarscríbhinn 4B

## Suirbhéanna rialaithe

Athraíonn incháilitheacht d'íocaíocht leasa ó scéim go scéim agus d'fhéadfadh go mbeadh critéir shásúla a bhaineann le haois, cúinsí teaghlaigh agus/nó stádas eacnamaíoch ag teastáil. Braitheann mórchuid na n-íocaíochtaí scéime ar thaifead ranníocaíochta árachais shóisialaigh nó ar ioncam éilitheora ó fhoinsí eile.[1]

Úsáideann an Roinn dhá phríomh chur chuige suirbhé

- rinne suirbhé pointe-in-am a scrúdaíonn sampla d'éilitheoirí a fhaigheann íocaíocht ag tréimhse shonrach ama (mar shampla, rinne an suirbhé rialaithe ar an scéim neamhranníocach Pinsin Stáit scrúdú ar 1,000 éilitheoir in íocaíochtaí don seachtain dar tosach 16 Deireadh Fómhair 2017)
- próiseas samplála leanúnach ina ndéantar scéim a shampláil ag eatraimh shonraithe, i rith na bliana (mar shampla, scrúdú ar 250 éilitheoir liúntais chuardaitheora poist i mí Eanáir, Aibreán, Iúil agus Deireadh Fómhair gach bliain.

Tá an Roinn i mbun suirbhéanna rialaithe pointe-in-am ar scéimeanna le blianta fada, agus 500-1,000 éileamh á mbreithniú i ngach athbhreithniú - foilsíodh ocht n-athbhreithniú déag den sórt sin sa tréimhse 2012 go 2019. Leanfaidh an cur chuige pointe-in-am do gach scéim seachas na scéimeanna níos mó.

Faoi Straitéis um Chomhlíonadh agus Frith-Chalaois na Roinne don tréimhse 2019 go 2023, chuir an Roinn tús, ó 2020, le próiseas samplála leanúnach do scéimeanna áirithe níos mó — liúntas cuardaitheora poist agus liúntas míchumais. Maidir le pinsean Stáit cé go raibh sé beartaithe ag an straitéis suirbhéanna leanúnacha a dhéanamh, rinne sí an cur chuige seo a leasú ó shin agus roghnóidh sí sampla bliantúil amháin le hathbhreithniú agus déanfaidh sí athbhreithniú ar scéimeanna ranníocacha agus neamhranníocacha gach re bliain.[2]

Tá athruithe breise curtha i bhfeidhm ag an Roinn ó foilsíodh an Straitéis um Chomhlíonadh agus Frith-Chalaois i Meán Fómhair 2019. Mhol an Straitéis suirbhé rialaithe ar an scéim liúntais mhíchumais do 2020 — luaigh an Roinn ina dhiaidh sin nach dtosódh sé seo go dtí 2021 mar gheall ar athruithe le déanaí i bpróisis rialaithe na scéime.

I bhFíor 4B.1, taispeántar suirbhéanna rialaithe a bhí beartaithe a dhéanamh le linn 2020 agus an dáta foilseacháin réamh-mheasta

1 Cinntear ioncam éilitheora trí thástáil acmhainne.

2 Déanfar suirbhé ar an scéim ranníocach in 2020, 2022, srl. agus déanfar suirbhé ar an scéim neamhranníocach in 2021, 2023, srl.

**Fíor 4B.1 Suirbhéanna rialaithe beartaithe do 2020 agus an dáta foilseacháin lena bhfuiltear ag súil**

| Scéim | An bhliain inar cuireadh tús léi/ina bhfuil sí le tosú | Foilseachán pleanáilte |
|---|---|---|
| **Bonn phointe in am** | | |
| Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora | 2019 | R4 2020 |
| Sochar cuardaitheora poist | Ní thosóidh sí roimh 2021[a] | Gan a bheith sonraithe |
| Pinsean stáit (ranníocach) | Ní thosóidh sí roimh 2021[a] | Gan a bheith sonraithe |
| **Ar bhonn suirbhé atrátha** | | |
| Liúntas cuardaitheora poist | 2019 | R4 2020 |
| Liúntas míchumais | Ní thosóidh sí roimh 2021[a,b] | |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Nótaí :
a Níor cuireadh tús leis an suirbhé pleanáilte mar gheall ar thionchar Covid-19.
b Cuireadh an suirbhé rialaithe ar an scéim liúntais míchumais ar atráth chun ligean do athruithe i rialuithe próisis a bheith neadaithe mar chleachtais.